

# SIAMSÁN SA MBAILE!

## Puipéad

Beidh an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil feasta. 'Éadaí' téama na seachtaine seo!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Déan Puipéad sa bhaile.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: [eolas@tuismitheoiri.ie](mailto:eolas@tuismitheoiri.ie)

Roghnófar buaiteoir ar an 6 Bealtaine mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00in an lá sin. Go n-éirí libh!

**An Duais:** Deis ar dhearbhan €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

## Déan do phuipéad féin.

- Faigh stoca, dath geal más féidir.
- Cuir an stoca ar do lámh agus samhlaigh an carachtar agus cén phearsantacht atá ag do phuipéad.
- Anois, tá an stoca le maisiú, bain úsáid as pinn dhaite, marcóir, péint, gliú, greamán, nó cíbe rud is mian leat, chun an carachtar seo a chruthú.
- Bíodh éadan, gruaig agus éadaí ar do phuipéad.
- Tabhair ainm don phuipéad agus cuir an t-ainm sin in iúl dúinn nuair a bheidh tú ag seoladh pictiúr den phuipéad chugainn.

TIOCFAIMID  
SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsiú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scriosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí  
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,  
Oidhreacht agus Gaeltachta  
Department of Culture,  
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta